M59T

**RABHADH**

**Caithfear an Páipéar Ceisteanna seo a chur ar ais le do leabha(i)r freagraí ag deireadh an scrúdaithe, nó caillfear marcanna.**

**Scríobh d'uimhir scrúdaithe anseo ⇒**

# Coimisiún na Scrúduithe Stáit

**SCRÚDÚ NA hARDTEISTIMÉIREACHTA, 2005**

**DÉ CÉADAOIN, 22 MEITHEAMH 2005, MAIDIN 9.30 – 12.00**

# EACNAMAÍOCHT - ARDLEIBHÉAL

**(400 Marc)**

Freagair **sé** cheist as Roinn A agus **ceithre** cheist as Roinn B. Tabharfar creidiúint ar fhreagairt shoiléir ghonta agus ar ord slachtmhar an ábhair.

## ROINN A (100 marc)

Freagair **sé** cinn de na **naoi** gceist le freagraí gearra sna spásanna atá ann dóibh.

## ROINN B (300 marc)

Freagair **Ceithre** cheist.
Scríobh na freagraí i do fhreagarleabha(i)r.
**Ná** scríobh na freagraí do Roinn B ar an gceistpháipéar seo.
Tá na ceisteanna uile ar aon mharc (75 marc).
Tabhair faoi deara go bhfuil fo-ranna sna ceisteanna.

**NÁ DEARMAD AN CEISTPHÁIPÉAR SEO A THABHAIRT AR AIS LEIS AN/NA F(H)REAGARLEABHA(I)R A ÚSÁIDEADH CHUN NA CEISTEANNA I ROINN B A FHREAGAIRT**

## ROINN A (100 Marc)

Freagair **sé** cinn de na **naoi** gceist le freagraí gearra seo a leanas sna spásanna atá ann dóibh.

**1.** Mínigh an coincheap **Deischostas**. Cén fáth a mbaineann an coincheap go lárnach le staidéar na hEacnamaíochta?

**(16 mharc)**

**2.** Rianaigh **TRÍ** chúis go maireann gnólachtaí beaga i ngeilleagar na hÉireann, fiú nuair nach mbíonn na buntáistí a bhaineann le barainneacht mhórscálach acu.

**(i)**

**(ii)**

**(iii)**

**(16 mharc)**

**3.** Mínigh cad is ciall le **Barrachas an Tomhaltóra.**

**(16 mharc)**

**4.** Ceannaíonn tomhaltóir atá i gcothromaíocht 10 gcupán caife ar €2 an ceann agus 10 gcárta teileafóin ar €6 an ceann. Is é áirgiúlacht theorannach na gcupán caife ná 5 utils. Cad í áirgiúlacht theorannach na gcártaí teileafóin? **Taispeáin do chuid oibriúchán**.

**Oibriúcháin**

Freagra: ______________________

**(16 mharc)**

**5.** Mínigh cad is ciall leis an téarma **Riachtanas Iasachta na hEarnála Poiblí**.

**(16 mharc)**

**6.** Ríomh an innéacs praghsanna don bhliain reatha le haghaidh innéacs praghsanna ilchodach (ualaithe) a chlúdaíonn na trí chineál caiteachais a thugtar sa tábla seo a leanas. Is é an bonnluach ná 100. **Taispeáin do chuid oibriúchán**.

| **Earnáil** | **% ioncam caite ar mhír(eanna)** | **Praghsanna mír(eanna) bonnbhliana** | **Praghsanna mír(eanna) bliana reatha** | **Áireamh Innéacs Praghsanna Simplí** | **Ualach** | **Toradh** |
|---|---|---|---|---|---|---|
| | | € | € | | | |
| Bia | 30% | 10.00 | 11.50 | | | |
| Éadach & Coisbheart | 20% | 40.00 | 36.00 | | | |
| Míreanna Eile | 50% | 20.00 | 22.00 | | | |
| | 100% | | | **Innéacs Praghsanna don Bhliain Reatha** | → | |

**(17 marc)**

**7.** "Nuair a tháirgeann gnólacht ag leibhéal aschuir ag a bhfuil an costas imeallach níos mó ná an t-ioncam imeallach bíonn an ghnólacht ag uasmhéadú brabúis (nó ag íosmhéadú caillteanas)."

**Fíor/Bréagach**

(Cuir fáinne timpeall ar do rogha agus bíodh abairt amháin agat mar mhíniú ar do fhreagra).

______________________________________________________________________

______________________________________________________________________

**(17 marc)**

**8.** Rianaigh **TRÍ** phríomhsmaoineamh a thug John Maynard Keynes do staidéar na hEacnamaíochta.

**(i)** ____________________________________________________________

**(ii)** ____________________________________________________________

**(iii)** ____________________________________________________________

**(17 marc)**

**9.** Ag glacadh leis gurb é an Olltáirgeacht Náisiúnta de réir Praghasanna Reatha Margaidh ná €180 milliún; Fóirdheontais Phraghasanna €4 mhilliún; Dímheas €15 mhilliún; Cánacha Indíreacha €25 milliún; críochnaigh an t-áireamh seo a leanas. **Taispeáin do chuid oibriúchán**.

**(i)** **Olltáirgeacht Náisiúnta ag Costas Fachtóirí**

________________________________________________ = €______________

**(ii)** **Glantáirgeacht Náisiúnta ag Costas Fachtóirí/Ioncam Náisiúnta**

________________________________________________ = €______________

**(17 marc)**

**Ná dearmad go gcaithfidh tú an páipéar ceisteanna seo a thabhairt ar ais le do fhreagarleabha(i)r ina mbeidh na freagraí ar na ceisteanna i Roinn B**

# ROINN B (300 Marc)

Freagair **Ceithre** cheist.
Scríobh na freagraí i do fhreagarleabha(i)r.
**Ná** scríobh na freagraí do Roinn B ar an gceistpháipéar seo.
Tá na ceisteanna ar fad ar aon mharc (75 marc).
Tabhair faoi deara go bhfuil fo-ranna sna ceisteanna.

**1. (a)** Luaigh agus mínigh **CÚIG** thoisc, a chuireann isteach ar sceideal éilimh an tomhaltóra. *(25 marc)*

**(b)** (i) Taispeáin, trí mheán léaráide lipéadaithe, éileamh agus soláthar an mhargaidh do tháirge. Léirigh an praghas agus an chainníocht chothromaíochta sa mhargadh seo.

(ii) Mínigh, le cabhair léaráide ar leith i ngach cás, an tionchar a d'fhéadfadh a bheith ag **gach ceann** díobh seo a leanas ar an staid chothromaíochta thuas:

- Tugtar feachtas rathúil poiblíochta isteach ar mhaithe leis an táirge;
- Baintear taraif d'allmhairí an táirge. *(30 marc)*

**(c)** Abair gurb é an meánchaiteachas ar fhuinneamh ag teaghlach íseal-ioncaim ná €40 in aghaidh na seachtaine. Tagann ardú de 20% ar phraghas fuinnimh ionas go gcosnódh an tomhaltas céanna fuinnimh ag teaghlach íseal-ioncaim €48 anois in aghaidh na seachtaine.
Tá an rialtas ag smaoineamh ar cheann de na bearta polasaí seo a leanas a thabhairt isteach mar chabhair do theaghlaigh íseal-ioncaim:

- liúntas méadaithe de €8 in aghaidh na seachtaine a thabhairt do theaghlaigh íseal-ioncaim (forlíonadh ioncaim);
- na táirgeoirí fuinnimh a fhóirdheonú ionas gur féidir fuinneamh a dhíol ar an bpraghas tosaigh i gcónaí (fóirdheontas praghais).

Cén beart polasaí a mholfá don rialtas a thógáil? Mínigh na cúiseanna eacnamaíocha le do fhreagra. *(20 marc)*

**[75 marc]**

**2. (a)** Luaigh agus mínigh na boinn tuisceana atá mar bhunús le teoiric na **hiomaíochta neamhfhoirfe**. *(20 marc)*

**(b)** **(i)** Mínigh, le cabhair léaráide atá lipéadaithe go soiléir, staid chothromaíocht fhadtréimhseach ghnólachta atá in **iomaíocht neamhfhoirfe**.

**(ii)** Luaigh agus mínigh gné **AMHÁIN** de chuid an ghnólachta seo atá i gcothromaíocht fhadtréimhseach a bhainfeadh, freisin, le gnólacht atá i gcothromaíocht fhadtréimhseach faoi **iomaíocht fhoirfe**.

**(iii)** Luaigh agus mínigh gné **AMHÁIN** de chuid an ghnólachta seo atá i gcothromaíocht fhadtréimhseach a bhainfeadh, freisin, le gnólacht atá i gcothromaíocht fhadtréimhseach faoi **mhonaplacht**. *(40 marc)*

**(c)** Scrúdaigh an margadh miondíola do pheitreal.
An dóigh leat go n-oibríonn an margadh seo faoi dhálaí iomaíochta neamhfhoirfe? Luaigh cúiseanna le do fhreagra. *(15 mharc)*

**[75 marc]**

**3. (a)** Is ionann **Táirge Ioncaim Imeallach** (**MRP** sa Bhéarla**)** agus **Táirge Fisiceach Imeallach (MPP** sa Bhéarla) iolraithe faoi Ioncam Imeallach (MR sa Bhéarla).

(i) Mínigh na téarmaí a bhfuil líne fúthu.
(ii) Rianaigh na tosca a imríonn tionchar ar MPP agus MRP.

*(25 marc)*

**(b)** (i) Sainmhínigh **TALAMH** mar thoisc tháirgthe**.**
(ii) Rianaigh **DHÁ** ghné eacnamaíocha a bhaineann le talamh.
(iii) Mínigh an coincheap **Cíos Eacnamaíoch** agus déan é a léiriú le sampla ábhartha.

*(30 marc)*

**(c)** Tá méadú tagtha ar phraghas maoin chónaithe in Éirinn le blianta beaga.
Pléigh **CEITHRE** chúis leis an bhforbairt sin.

*(20 marc)*
**[75marc]**

**4. (a)** I ngach ceann díobh seo a leanas déan idirdhealú ar na téarmaí:

(i) beartas airgeadaíochta agus beartas fioscach;
(ii) cánachas forchéimnitheach agus cánachas cúlcheimnitheach;
(iii) seachaint cánach agus imghabháil cánach.

*(30 marc)*

**(b)** Tharla méadú ar ioncam an rialtais ó chánachas anuraidh.
(i) Rianaigh **TRÍ** chúis leis an toradh seo.
(ii) Luaigh deis ioncaim **AMHÁIN** agus deis caiteachais A**MHÁIN** don rialtas de bharr an ioncaim mhéadaithe seo. Cé acu a mheasfá a bheith ina thosaíocht?
Mínigh do rogha. *(25 marc)*

**(c)** Mínigh conas a d'fhéadfadh sé cabhrú le leibhéil chánachais indírigh a shocrú dá mbeadh tuiscint ag an Aire Airgeadais ar an gcoincheap **Praghasleastachas an Éilimh**. Bain úsáid as samplaí chun do fhreagra a léiriú.

*(20 marc)*
**[75marc]**

**5.** **(a)** Mínigh na téarmaí seo a leanas:

(i) Comhardú na Trádála;
(ii) Comhardú na nÍocaíochtaí ar Chuntas Caipitil;
(iii) Téarmaí Trádála.

*(25 marc)*

**(b)**

| **Tír** | **Aschur (táirgeacht gach oibrí don tseachtain)** | |
|---|---|---|
| | **MEAISÍNÍ** | **CARRANNA** |
| **AN SPÁINN** | **20** | **5** |
| **AN tSEAPÁIN** | **40** | **15** |
| **Aschur Iomlán** | **60** | **20** |

(i) Mínigh conas a thagann buntáistí don dá thír de bharr trádála idirnáisiúnta, sa sampla thuas.
(ii) Ríomh an tAschur Iomlán nuair a tharlaíonn speisialtóireacht. **Taispeáin do chuid oibriúchán.**
(iii) Ríomh na **téarmaí trádála** don dá thráchtearra. **Taispeáin do chuid oibriúchán**.

*(25 marc)*

**(c)** Cuirtear Éire ar aghaidh thar lear mar shuíomh tarraingteach le haghaidh infheistíochta ag gnólachtaí eachtracha.

(i) Pléigh **TRÍ** chúis eacnamaíocha go roghnaíonn gnólachtaí eachtracha infheistiú a dhéanamh anseo.
(ii) Déan cur síos ar conas a d'fhéadfadh na gnólachtaí eachtracha, a oibríonn in Éirinn, cur isteach ar Chomhardú na nÍocaíochtaí na hÉireann. *(25 marc)*

**[75 marc]**

**6.** **(a)** (i) Mínigh, le cabhair léaráide de **Shreabhadh Ciorclach Ioncaim** do gheilleagar oscailte, na príomheiliimintí a bhaineann le héileamh comhiomlán.

(ii) Rianaigh na torthaí a mbeadh súil leo a d'fhéadfadh a bheith ag instealladh de chaiteachas rialtais isteach sa gheilleagar i ngach ceann de na cásanna seo a leanas:

- geilleagar iata (dúnta) le níos lú ná lánfhostaíocht;
- geilleagar oscailte le lánfhostaíocht.

*(30 marc)*

**(b)** Meastar MPM = 0.2, MPT = 0.1 agus MPC = 0.9.
Ríomh iad seo a leanas agus taispeáin do chuid oibriúchán uile:

(i) Méid an Iolraitheora;
(ii) An méadú ar leibhéal an ioncaim náisiúnta má dhéantar instealladh de chaiteachas rialtais de €500 milliún.

*(20 marc)*

**(c)** "Tá fás de 5% OTN (GNP sa Bhéarla) á thuar do 2005." (Tuarascáil Banc Ceannais agus Údarás Seirbhísí Airgeadais na hÉireann – Fómhar 2004).

Pléigh na torthaí eacnamaíocha (dearfacha **agus** diúltacha) a bhaineann le fás eacnamaíoch ar gheilleagar na hÉireann.

*(25 marc)*

**[75 marc]**

**7. (a)** Ní mór do bhanc cothromaíocht a choinneáil idir a dhá phríomhchuspóir mar atá **leachtacht** agus **brabúsacht.**
Mínigh na téarmaí a bhfuil líne fúthu. Conas a réitíonn an banc na comhchuspóirí sin? *(20 marc)*

**(b)** Imríonn an Banc Ceannais mar a bhí (ar a dtugtar anois Banc Ceannais agus Údarás Seirbhísí Airgeadais na hÉireann) ról eacnamaíoch an-tábhachtach i gcónaí i ngeilleagar na hÉireann.
Mínigh an ról a imríonn sé i ngeilleagar na hÉireann. *(30 marc)*

**(c)** Is airgeadra é an **euro** atá bunaithe go maith in Éirinn anois. Pléigh na hiarmhairtí eacnamaíocha a bhí ag tionscaint an airgeadra seo ar:

- thomhaltóirí na hÉireann;
- onnmhaireoirí agus allmhaireoirí na hÉireann. *(25 marc)*

**[75 marc]**

**8. (a)** Thaispeáin an daonáireamh deireanach (2002) go bhfuil daonra na hÉireann ag fás i gcónaí agus go sáraíonn sé 3.9 milliún anois.
Pléigh na torthaí eacnamaíocha a bhaineann le daonra atá ag dul i méid. *(25 marc)*

**(b)** Pléigh na príomhbhuntáistí eacnamaíocha a bhaineann leis an insreabhadh lucht oibre isteach i nGeilleagar na hÉireann. *(20 marc)*

**(c)** (i) Ceann de spriocanna eacnamaíocha an rialtais é, forbairt réigiúnach chothromaithe a bhaint amach.
Rianaigh **CEITHRE** pholasaí fhéideartha rialtais chun an sprioc sin a bhaint amach.

(ii) "D'fhéadfadh go ndéanfadh polasaithe chun forbairt réigiúnach chothromaithe a bhaint amach níos deacra don rialtas é spriocanna eacnamaíocha eile a bhaint amach." Mínigh an ráiteas seo agus tú ag baint úsáide as samplaí mar thaca le do fhreagra. *(30 marc)*

**[75 marc]**

**Ná dearmad an ceistpháipéar seo a thabhairt ar ais leis an/na f(h)reagarleabha(i)r a úsáideadh chun na ceisteanna i Roinn B a fhreagairt.**

LEATHANACH BÁN